An Cruinniú Mullaigh Euro

An Bhruiséil, 26 Samhain 2026
(OR. en)

EURO 508/26

EUROSUMMIT 2
TSGC 9

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Ábhar:	Cruinniú Mullaigh Euro (26 Samhain 2026) - Ráiteas

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an ráiteas ar thángthas ar chomhaontú ina leith ag an gCruinniú Mullaigh Euro thuasluaite.

Ráiteas ón gCruinniú Mullaigh Euro, ag teacht le chéile dó i bhformáid chuimsitheach

1. Phléamar an staid reatha eacnamaíoch agus airgeadais. Chonacthas dúinn go bhfuil geilleagar an limistéir euro athléimneach, i bhfianaise brúnna seachtracha athnuaite, mar gur éirigh níos fearr leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch ná mar a bhíothas ag súil leis, go bhfuil margadh an tsaothair láidir i gcónaí agus go bhfuil an earnáil airgeadais fós fónta. Agus dúshláin le sárú maidir le boilsciú níos airde, rátaí úis domhanda atá ag ardú agus níos mó éiginnteachta, ní mór dúinn leanúint dár mbeartais a dhíriú ar an athléimneacht a neartú, ar airgeadas poiblí fónta agus inbhuanaithe a choinneáil ar bun, agus ar an iomaíochas a fheabhsú.

2. Ní mór leanúint de chomhordú éifeachtach a dhéanamh ar ár mbeartais eacnamaíocha agus fhioscacha chun fás inbhuanaithe cuimsitheach a áirithiú. Agus an litir ó Uachtarán an Ghrúpa Euro an 18 Samhain 2026 á tabhairt dár n-aire, iarraimid ar an nGrúpa Euro leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar na forbairtí eacnamaíocha, fioscacha agus airgeadais. Chomh maith leis sin, iarraimid ar an nGrúpa Euro tuairisciú go rialta ar an obair atá á déanamh chun ról idirnáisiúnta an euro a neartú. Táimid uile fós meáite ar bheart a dhéanamh de réir briathair maidir le hAontas Coigiltis agus Infheistíochta a bhaint amach, ar bhealach cinntitheach tapa.

3. Meabhraímid an gealltanas a tugadh sa Treochlár 'Aon Eoraip Amháin, Aon Mhargadh Amháin' chun teacht ar chomhaontú maidir leis an euro digiteach faoi dheireadh 2026 agus athdhearbhaímid a thábhachtaí atá sé an obair reachtach a thabhairt chun críche go gasta agus dlús a chur leis na chéad chéimeanna ullmhúcháin eile. Má dhéantar sin, tríd an Eurochóras, beifear in ann dul chun cinn a dhéanamh san obair ullmhúcháin a chaithfear a dhéanamh chun go n-éireoidh linn an euro digiteach a eisiúint go tráthúil.

4. Is díol sásaimh dúinn an fhaisnéis a thug Uachtarán an Bhainc Ceannais Eorpaigh, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh agus Uachtarán an Ghrúpa Euro maidir leis na cainteanna a bhí acu le déanaí leis na mórgheilleagair faoin ngeilleagar domhanda agus míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha. Leis an idirphlé leanúnach, cuideofar leis an gcomhthuiscint a chothú ar na nithe a spreagann míchothromaíochtaí agus ar bhearta nithiúla beartais chun athchothromú ordúil a éascú. Iarraimid ar an triúr Uachtarán tuairisc a thabhairt don Chruinniú Mullaigh Euro in am trátha maidir le torthaí an idirphlé.